



UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha

(PGCC) 2026–2028

Coláiste na hOllscoile Corcaigh (COC)

Réamhrá Uachtarán COC



Mar Uachtarán Choláiste na hOllscoile Corcaigh, cúis onóir dom í Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha (PGCC) 2026–2028 dár gcuid a chur i láthair mar chéim cheannródaíoch sa tiomantas leanúnach seo againne deimhin a dhéanamh de go bhfuil COC mar ollscoil ina léirítear cion agus meas do chách, áit ina dtugtar deis do gach duine bláthú.

In *Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC (2023–2028)*, pléitear le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) mar chroílár ár misin agus ár luachanna. Léirimid ár dtiomantas ann do phobal ollscoile a chothú atá cothrom, ionchuimsitheach agus ionadaíoch ar an tsochaí lán le héagsúlachtaí a ndéanaimid freastal uirthi. Cuirtear leis an tiomantas sin sa Phlean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha seo ina dtéitear ó mhianta go dtí gníomhartha agus ina leagtar amach slí shoiléir go dtí athrú córasach agus cultúrtha.

Sa bhliain 2023, ba chúis mhórtais dom m'ainm a chur le Prionsabail Frith-Chiníochais an Údarais um Ard-Oideachas (ÚAO) thar ceann COC — geallúint phoiblí chun comhionannas ciníocha a chur chun cinn agus chun céimeanna le dealramh a ghlacadh chun leithcheal ciníoch a chosc san ardoideachas. Chítear an gheallúint sin ag feidhmiú sna cúig philéar mhóra in PGCC 2026–2028: Bunús, Cultúr, Rathúlacht, Fás agus Caidreamh. Creat chun dul chinn cinn atá i gceist leo seo agus cuirfear le ceannaireacht, claochlófar córais, déanfar éagsúlacht a cheiliúradh agus leabófar frith-chiníochas i ngach gné de shaol na hollscoile.

Tá an 21 gníomh, atá leagtha amach sa phlean seo, fréamhaithe inár luachanna CAIRDEAS — Baúlacht, Lúfaireacht, Ionracas, Meas, Fionnachtain, Cothromas, Cuntasacht agus Inbhuanaitheacht. Tá na luachanna seo mar theoir dúinn agus sinn ag obair lena chéile. Cuireann siad i gcuimhne dúinn go mbaineann comhionannas ciníocha leis an saghas pobail a thógaimid lá i ndiaidh lae, pobal atá bunaithe ar bhaúlacht, comhoibriú agus creideamh comónta i ndínit na daonnachta.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do Mheitheal Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha, do chomhghleacaithe Coláistí, Seirbhísí Gairmiúla agus Taighde, d'Aontas na Mac Léinn agus d'eagraíochtaí seachtracha a chuir leis an bpróiseas seo. Múnlaíodh plean uailmhianach ach indéanta a bhuí le comhoibriú agus cabhair uaibhse.

Mar Uachtarán, is mian liom tiomantas pearsanta agus insitiúideach a dhearbhu as an nua don obair seo. Bogaimis le chéile – treoraithe ag ár luachanna, neartaithe ag ár n-éagsúlacht agus sinn ar fad meáite ar áit a dhéanamh de COC ina bhfuil fíor-chomhionannas ciníocha le feiceáil go buan.

An tOllamh John O'Halloran MRIA

An tUachtarán, Coláiste na hOllscoile Corcaigh
25ú Feabhra 2026



Réamhrá ó Chomh-Chathaoirligh Mheitheal COC um Chomhionannas Ciníocha

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha (PGCC) 2026–2028 COC tar éis próiseas fairsing agus comhoibritheach a raibh baint ag baill foirne, mic léinn agus páirtithe eile leis ó phobal uile Choláiste na hOllscoile Corcaigh. Ní hamáin go léirítear ann tiomantas na hinsititiúide do chur chun cinn an chomhionannais ciníoch, ach tugtar léargas ann leis ar thaithí, meon agus mianta bhaill ar n-ollscoile.

Bhí caidreamh fairsing agus cumarsáid oscailte mar mhúnla agus an plean seo á fhorbairt. Sa bhliain 2025, chuaigh an Mheitheal um Chomhionannas Ciníocha (MCC) i mbun comhairliúcháin, grúpaí fócais agus seisiún aiseolais le foireann, mic léinn, ceannairí agus comhpháirtithe seachtrachra COC. Léargais thábhachtacha a bhí sna comhráite seo ar éagsúlacht chiníoch agus eitneach, baill an lucht Taistil in COC san áireamh – mar a bhfuil dul chun cinn déanta agus mar a bhfuil gá le hiarrachtaí agus athrú struchtúrtha breise.

Plean chun gnímh agus cuireadh atá sa cháipéis seo. Iarrtar ar gach ball de phobal COC sa phlean seo cur le claochlú i gcomhar – chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil comhionannas ciníocha leabaithe ní hamáin inár gcuid polasaithe agus córas agus sinn glan i gcoinne ciníochais, ach inár gcuid imeachtaí laethúla, inár gcuid seomraí ranga agus sa chultúr seo dár gcuid.

Táimid buíoch de na daoine agus na grúpaí a dhein caidreamh linn i gcaitheamh an phróisis seo. Mhúnlaigh na tuairimí agus an mhacántacht de bhur gcuid an plean agus beidh siad mar mhúnla leis agus an plean á chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go mbeidh an PGCC mar chreat beo: a dtiocfaidh éabhlóid air trí phlé leanúnach, trédhearcacht agus cuntasacht i gcomhar.

Bogaimid ar aghaidh i dteannta a chéile le fis chomónta d’ollscoil a leagann béim ní hamáin ar chomhionannas ciníocha ach a ghníomhaíonn go láidir chun cothromas, ionchuimsitheacht agus cothromaíocht a chinntiú do chách


An Dr Sanaa Khabbar,
Comhchathaoirleach na Meithle um
Chomhionannas Ciníocha

An Dr Lekha Menon Margassery,
Cathaoirleach, Gréasán Alumni na hIndia

An Dr Claire Raissian,
Scoil an Dlí

An Dr Avril Hutch,
an Stiúrthóir um Comhionannas,
Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Anne-Marie Curtin,
Oifigeach um Chomhionannas,
Éagsúlacht agus Ionchuimsiú



Brollach

Tá COC tiomanta do chomhionannas ciníocha a chur chun cinn mar chuid lárnach dá mhisean institiúideach. Tá an tiomantas seo leabaithe in Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC (2023), ina dtugtar tús áite do bharr feabhais ionchuimsitheach, cothromas agus muintearas.

Tá Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha (PGCC) 2026–2028 mar bharr maise ar fhorbairtí náisiúnta agus institiúideacha a bhfuil sé mar aidhm acu dul i ngleic le neamhionannas ciníocha laistigh d'institiúidí ardoideachais (IAnna) agus, anuas air sin, tá an plean mar thiomantas leathan do thimpeallachtaí ionchuimsitheacha agus cothroma a chothú do bhaill foirne agus do mhic léinn uile, go háirithe iad siúd ó chúlraí eitneacha mionlaigh, lena n-áirítear Lucht Taistil na hÉireann.

Comhionannas Ciníocha in COC – Ráiteas Tiomantais

Admhaíonn COC gurb ann do chiníochas – bíodh sin struchtúrtha, institiúideach, cultúrtha nó idirphearsanta – i sochaí na hÉireann agus san ardoideachas. Mar ollscoil atá tiomanta do bharr feabhais ionchuimsitheach, aithníonn COC go gcaithfear dul i ngleic le neamhionannas ciníocha chun a mhisean cothromais, ionracais agus freagrachta sóisialta a bhaint amach. Mar sin, táimid meáite ar fhrith-chiníochas a leabú mar thosaíocht leanúnach intomhaiste na hinstitiúide

Tagann COC le **Prionsabail Frith-Chiníochais an ÚAO san Ardoideachas in Éirinn (2023)** ina n-iarrtar ar institiúidí seasamh gníomhach a thógáil i gcoinne ciníochais agus neamhionannais ciníocha ina gcuid ceannaireachta, polasaithe agus cleachtais. Áirítear leis seo cuntasacht ag gach leibhéal rialachais, ag dul i ngleic le bacainní córasacha a chuireann isteach ar phobail eitneacha mionlaigh agus ar an Lucht Taistil agus timpeallacht a chruthú inar féidir le gach ball foirne, mac léinn agus cuairteoir bláthú agus iad saor ó chlaontacht, eisiamh agus leithcheal ciníoch.

Tá níos mó i gceist lenár dtiomantas ná comhlíonadh dlíthiúil; riachtanas morálta, oideachasúil agus sóisialta is ea é. Gheobhaidh COC réidh le neamhionannas struchtúrtha agus déanfar na nithe seo a leanas:

- Leabófar comhionannas ciníocha i bpolasaithe, gnáthaimh agus próisis chinnteoireachta;
- Forbrófar cumas ceannaireachta agus cuntasacht le cinntiú go léireofar frith-chiníochas i gcultúr na hinstitiúide agus i dtosaíochtaí straitéiseacha;
- Éistfear le taithí saoil na foirne agus na mac léinn i ndáil leis an gciníochas agus rachfar i ngleic lena leithéid;
- Cothófar earcú, dul chun cinn agus ionadaíocht atá cothrom ag gach leibhéal san ollscoil;
- Cinnteofar go léiríonn timpeallachtaí curaclaim, taighde agus foghlama éagsúlacht na dtuairimí domhanda agus rachfar i ngleic le rian an choilíneachais;
- Glacfar le bearta réamhghníomhacha chun ciníochas agus ciapadh ciníoch a chosc, a aithint agus a chríochnú go héifeachtach.



Glacaimid leis go bhfuil iarracht leanúnach, dlúthpháirtíocht agus trédhearcacht i gceist chun comhionannas ciníoch a bhaint amach. Beidh cur chuige bunaithe ar fhianaise ag COC mar sin ina mbaintear leas as sonraí, comhairliúchan agus measúnú. Tuairisceoidh ar bhonn rialta trí struchtúir rialála CÉI, agus beimid trédhearcach lenár bpobail inár gcuid tuairiscí stádais ar leathanaigh ghréasáin an Chomhionannais Ciníoch. Oibreoidh i gcomhar lenár gcompháirtithe náisiúnta agus le píar-institiúidí chun foghlaim a roinnt agus chun athrú córasach a chur chun cinn ar fud earnail an ardoideachais.


Dearbhaíonn COC an athair le Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníoch (PGCC) 2026–2028 go mbeidh sé mar ollscoil ghníomhach i gcoinne an chiníochais – ní hamháin mar ollscoil a aithníonn comhionannas ciníoch ach mar ollscoil a ghlacann leis an bhfeagracht chun ciníochas a scriosadh agus chun comhionannas a chur chun cinn. Tá sé mar chuspóir againn cultúr muintearais, sábháilteachta agus measa a chruthú ar an gcampas, agus ní hamháin go leagfar béim ar chúrsaí éagsúlachta ach aithneofar iad mar fhoinsé nirt, nualaíochta agus barr feabhais.

Ár gCur Chuige – Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníoch COC á Fhorbairt

Comhthéacs

Tá forbairtí móra náisiúnta agus eanála mar bhonn eolas le cur chuige COC i leith comhionannais ciníoch:

- **Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais (2023):** Leagann COC a chuid gníomhartha amach faoi réir ag cuspóirí straitéiseacha an chreata náisiúnta seo.
- **Prionsabail Frith-Chiníochais an ÚAO:** Sínte ag Uachtarán COC in 2023, le lántacaíocht do Phlean Feidhmithe Comhionannais Ciníoch an ÚAO.
- **Gréasán Comhionannais Ciníoch (a bunaíodh in 2023):** Gréasán a bhfuil an fhoireann i gceannas air is ea an Gréasán Comhionannas Ciníoch (GCC) a bhfuil sé mar aidhm aige timpeallacht oibre shábháilte, ionchuimsitheach agus éagsúil a chruthú ina spreagtar cultúr measa agus comhionannais do na baill foirne go léir beag beann ar a gcine agus a n-eitneacht. Creideann GCC go bhfuil cumhacht ag plé agus cónascadh chun athrú claochlaitheach a chur chun cinn. Oibreoidh sé chun spás a chur ar fáil don phlé seo ar shlí atá oscailte agus ionchuimsitheach. Cuireann an Gréasán Comhionannais Ciníoch fáilte roimh bhaill foirne uile COC ach díríonn se ar thaithí saoil ar an neamhionannas ciníoch atá ag gach grúpa mionlaigh eitneach, lena n-áirítear an Lucht Taistil in Éirinn, agus orthu siúd a d'fhéadfadh leithcheal a bhrath ar bhonn eitneach, teanga, creidimh, traidisiún agus cleachtas cultúrtha. Cuireann sé fáilte roimh bhaill foirne eitneacha móraimh chomh maith ata tiomanta do bheith mar chairde agus do thacú le hathrú sóisialta leathan i gcoinne an chiníochais. Feidhmíonn an GCC mar fhóram comhairliúcháin maidir le mionlaigh eitneacha agus comhionannas ciníoch don ollscoil i gcoitinne.



Tá an Plean Gníomhaíochta seo bunaithe ar chomhairliúcháin, fianaise agus comhoibriú, agus é mar aidhm aige comhionannas ciníocha a leabú i ngach gné de shaol na hollscoile.

Ballraíocht na Meithle

Tionóladh an Mheitheal um Chomhionannas Ciníocha (MCC) chun forbairt an Phlean Gníomhaíochta seo a stiúradh. Bhí ionadaithe ón bhfoireann acadúil, ón bhfoireann ghairmiúil agus ó phobal na mac léinn ar an meitheal seo. Rinneadh gairm oscailte don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara seachtracha chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúcháin. Aontas na Mac Léinn de chuid COC a d'eagraigh rannpháirtíocht na mac léinn. Ar bhallraíocht na Meithle tá:

- **Comchathaoirligh Mheitheal PGCC:** An Dr Jatin Nagpal (Comhchathaoirleach GCC), an Dr Sanaa Khabbar (Comhchathaoirleach GCC), an Dr Lekha Menon Margassery (Alumni na hIndia), an Dr Claire Raissian (Scoil an Dlí), an Dr Avril Hutch (Stiúrthóir CÉI), Anne-Marie Curtin (Oifigeach CÉI)
- **Ionadaithe Aonad CÉI**
- **Baill foirne acadúla agus gairmiúla**
- **Ionadaithe ó Aontas na Mac Léinn**
- **Comhairleoirí seachtracha:** Ollscoil Luimnigh, Ollscoil na Gaillimhe

Próiseas Comhairliúcháin

Bhí **próiseas comhairliúcháin láidir, ionchimsitheach agus ilghnéitheach** mar bhonn eolais agus PGCC 2026–2028 á fhorbairt, é deartha chun tuairimí na foirne, na mac léinn agus bpáirtithe leasmhara seachtracha a bhailiú. Bhí géarghá leis an bpróiseas seo chun deimhin a dhéanamh de go dtéitear i ngleic sa Phlean Gníomhaíochta seo le taithí saoil, bacainní institiúideacha agus deiseanna chun athrú le dealramh a chur i gcrích.

Ar phríomheilimintí an chomhairliúcháin bhí:

- **Suirbhé CÉI na Foirne (2024):** Thángthas ar thaithí na foirne agus a gcuid tuairimí maidir le comhionannas ciníocha, ciníochas agus leithcheal agus leagadh béim ar cheisteanna imní agus idirghabhálacha féideartha.
- **Athbhreithniú Deisce (2025):** Chuathas i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar Phleananna Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha atá ann cheana féin chomh maith le creataí taighde agus náisiúnta mar bhonn eolais leis an obair seo.
- **Ceardlanna le hÉascaitheoirí Sainiúla:** Reáchtáil an Dr Lucy Michael sesiúin i mí Aibreáin 2025 chun plé a dhéanamh ar bhacainní córasacha agus dea-chleachtais maidir le frith-chiníochas san ardoideachas.




- **Caidreamh le Páirtithe Leasmhara (Aibreán 2025):** Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe pobail agus earnála, rud a chinntigh go rabhthas faoi réir ag caighdeáin náisiúnta agus riachtanais áitiúla.
- **Comhairliúchán Fhoireann Ceannais na hOllscoile (Bealtaine 2025):** Chuir ceannairí sinsearacha treoir ar fáil ar thosaíochtaí na hinstitiúide, leithdháileadh acmhainní agus struchtúir rialála.
- **Cruinnithe Pleanála PGCC agus Pléití na Meithle:** Reáchtáladh cruinnithe rialta le linn an tríú ráithe de 2025 chun dréachtú atriallach, aiseolas agus beachtú a éascú.
- **Ardán Aighneachtaí ar Líne:** Bhí baill foirne agus mic léinn in ann freagraí gan ainm a chur ar fáil, rud a chuir leis an rannpháirtíocht agus a chuir guthanna mionlaigh san áireamh.

Cinntíodh leis an bpróiseas comhairliúcháin seo go bhfuil PGCC 2026–2028 **bunaithe ar fhianaise, ábhartha sa chomhthéacs agus dírithe ar an bpobal**, sa tslí is go leagtar bunchloch le haghaidh gníomhartha indéanta ar fud fad na hollscoile.

An Próiseas Athbhreithnithe

Rinneadh athbhreithniú ar PGCC 2026–2028 i ndiaidh **próiseas cuimsitheach agus atriallach** chun déine, trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú. Ar phríomheilimintí an athbhreithnithe bhí:

- **Dréachtú Atriallach agus Aiseolas:** Cuireadh críoch chóir ar an iliomad dréachtaí mar fhreagra ar ráitis na bpáirtithe leasmhara, rud a chinntigh soiléireacht agus torthaí intomhaiste.
- **Athbhreithniú Inmheánach:** Fuarthas ionchur ó bhaill an Ghréasáin Comhionannais Ciníocha, ó Leas-Déin CÉI na gColáistí agus ó bhaill foirne chun ábharthacht chomhthéacsúil agus inacmhainneacht institiúideach a chinntiú.
- **Aiseolas ó Aontas na Mac Léinn:** Roinn mic léinn peirspictíochtaí ar thaithí saoil, an curaclam, seirbhísí tacaíochta agus deiseanna caidrimh.
- **Athbhreithniú Seachtrach:** Bhí an t-aiseolas a fuarthas ó Ollscoil Mhá Nuad agus ó Ollscoil na Gaillimhe ina thagarmharcáil earnála inar leiríodh dea-chleachtais agus na deiseanna feabhais.
- **Fo-choiste CÉI Fhoireann Ceannais na hOllscoile:** Chinntigh maoirseacht agus athbhreithniú ó fhochoiste na Foirne Ceannais Feidhmiúcháin go rabhthas faoi réir ag cursaí straitéise.
- **Faomhadh agus Tacú Ceannaireachta:** Fuair an plan deireanach faomhadh foirmiúil ó cheannairí sinsearacha COC, rud a léiríodh tiomantas agus úinéireacht institiúideach



Cuspóirí Straitéiseacha PGCC

Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha (PGCC) 2026–2028** de chuid COC fíis d'ollscoil ina mbraitheann gach mac léinn agus ball foirne go bhfuil siad le feiscint, go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo – pobal, ní hamháin ina n-aithnítear éagsúlacht, ach ina gceiliúrtar í sin mar fhoinse nirt.

Agus an **Creat Céil Ag Baile in COC** mar threoir aige, díritear sa Phlean ar ionchuimsitheacht a chothú i gcúig philéar a bhfuil baint acu lena chéile: **Bunús, Cultúr, Rathúlacht, Fás** agus **Caidreamh**



PILÉAR 1 – BUNÚS:

Ceannaireacht, Rialáil Sonraí agus Cuntasachty

- Comhionannas ciníocha agus frith-chiníochas a leabú i bplean straitéiseach COC agus i bhfreagrachtaí na gceannairí sinsearach.
- Grúpa Maoirseachta an Chomhionannais Ciníocha a bhunú a thuairiscíonn chuig coiste CÉil Fhoireann Ceannais na hollscoile agus chuig Coiste Gnó na hollscoile.
- Deimhin a dhéanamh de go n-aithneoidh ceannairí sinsearach go poiblí neamhionannas ciníocha agus go mbeidh siad tiomanta don fhrith-chiníochas.
- Sonraí na mball foirne agus na mac léinn a bhailiú agus a anailísiú faoi réir ag eitneacht.




PILÉAR 2 – CULTÚR:

Cultúr Ionchuimsitheach, Sábháilte agus Measúil a Chinntiú

- Cultúr an mhuintearais a chruthú chun a chinntiú go nglacfar le gach ball dár bpobail, go léireofar meas dóibh agus go dtabharfar an chumhacht dóibh lánpháirt a ghlacadh i saol na hollscoile.
- Ionadaíocht fheiceálach agus ionchuimsitheach a chothú, éagsúlacht phobal ár gcampaís a cheiliúradh agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh caidrimh agus plé ach imeachtaí, gréasáin agus spásanna sábháilte a sholáthar.
- Dul i ngleic le miocrachasáin agus leithcheal agus na slite soiléire tuairiscithe agus tacaíochta curtha ar fáil.
- Seasamh dlúthpháirteach a thógáil chun a chinntiú go mbeidh comhionannas ciníocha i gcónaí i gcroílár ár bpolasaithe, ár ngníomhartha agus chultúr ár n-insititiúide.





PILÉAR 3 – RATHÚLACHT: **Rochtain ar Dheis agus Gnóthú a Sholáthar**

- Dul i ngleic le bacainní ar dhul cun cinn agus tacaíochtaí a chruthú atá in oiriúint do bhaill foirne agus mic léinn ó chúlraí éagsúla ciníocha agus eitneacha.
- Cláir ionductaithe agus meantóireachta atá ionchuimseach a chinntiú, frith-chiníochas a leabú i bpróisis earacaithe agus ardaithe céime, treoir agus acmhainní a sholáthar chun comhdheiseanna fáis agus gnóthaithe a chinntiú.
- Seirbhísí tacaíochta atá freagrúil ó thaobh an chultúir de a bhunú do bhaill foirne agus mic léinn ó mhionlaigh eitneacha.



PILÉAR 4 – FÁS: **Barr Feabhais a chur ar Oideachas, Taighde agus Scoláireacht**

- Cumas COC a neartú chun tuiscint a fháil, taighde a dhéanamh agus dul i ngleic leis na slite casta ina múnlaíonn ciníocha agus eitneacht eispéireas san ardoideachas.
- Oiliúint a sholáthar do bhaill foirne agus mic léinn, taighde ar chomhionannas ciníocha a chur chun cinn, curaclaim a athbhreithniú d'fhonn ionchuimsitheacht agus tuairimí éagsúla a chinntiú.
- Curaclaim a iniúchadh ar mhaithe le hionadaíocht chiníocha agus deiseanna chun fáil réidh le coilíneachas.
- Tacú le cleachtais teagaisc ionchuimsitheacha agus foghlaim idirchultúrtha.
- Forbairt ionchuimsitheach curaclam a aithint agus a chúiteamh.



PILÉAR 5 – CAIDREAMH: **Tuiscint agus Obair lenár bPobal**

- Comhpháirtíochtaí a neartú – laistigh de COC agus le pobail sheachtracha – chun comhionannas ciníocha a chothú ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda ach comhoibriú le comhpháirtithe sibhialta agus oideachais, agus feachtais tiomsaithe feasachta agus tionscnaimh idirchultúrtha a dhéanamh.
- Lionsa idir-rannach a chur i bhfeidhm ar ghníomhartha uile an chomhionannais ciníocha.
- An tslí a aithint ina mbaineann neamhionannas ciníocha le hinscne, aicme, míchumas agus gnéithe cosanta eile.
- Díriú ar athrú córasach seachas réitigh aonair.

Chun Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha COC a léamh ina iomláine, féach ar Aguisín 1.



Feidhmiú agus Meastóireacht

Tá feidhmiú éifeachtach agus dianmheastóireacht PGCC 2026–2028 riachtanach chun tiomantais COC do chomhionannas ciníocha a aistriú mar athrú bríoch intomhaiste.

Feidhmiú

Glacfaidh COC cur chuige struchtúrtha chun deimhin a dhéanamh de go n-oibreofar cuspóirí straitéiseacha i gcomhthéacsanna acadúla, gairmiúla agus scolártha. Beidh an **Mheitheal um Chomhionannas Ciníocha (MCC)** mar phríomhghrúpa maoirseachta a chuirfidh treoir ar fáil, a mhonatóirigh feidhmiú agus a éascóidh comhoibriú idir coláistí, seirbhísí agus aonaid tacaíochta na mac léinn. Ar na príomhdhualgais beidh:

- Cuspóirí straitéiseacha a aistriú mar thascanna féideartha le spriocanna agus dualgais shoiléire.
- Gníomhartha comhionannais ciníocha a chomhtháthú i bpleananna oibre na rann agus na gcoláistí.
- Tacú le ceannairí na mball foirne agus na mac léinn chun cleachtais ionchuimsitheacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint, meantóireacht agus athchóiriú curaclam.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil acmhainní, saineolas agus uirlisí ar fáil le haghaidh feidhmiú leanúnach ar fud na hollscoile.

Monatóireacht

Déanfaidh creat monatóireachta láidir agus bunaithe ar fhianaise dul chun cinn a mheas:

- Déanfar sonraí earcaithe, coinneála, ardaithe céime agus gnóthachtála a mheas chomh maith le taithí na mball foirne agus na mac léinn ar an gciníochas.
- Déanfar tuairisciú rialta faoi réir ag Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a bhaineann le gach cuspóir straitéiseach.
- Cuirfear bealaí aiseolais ar fáil do bhaill foirne, mic léinn agus páirtithe leasmhara chun dul chun cinn, dúshlán agus ceisteanna nua a léiriú.
- Foilseofar tuairisc stádaí i **dTuarascáil Bhliantúil Institiúideach CÉI**, rud a chinnteoidh trédhearcacht agus cuntasacht.

Meastóireacht

Díreofar sa mheastóireacht ar thorthaí agus ar phróisis:

- **Athbhreithniú lárthearma (2027):** Déanfar feidhmiú a mheas, torthaí tosaigh a mheasúnú agus riachtanais chun athraithe a aithint.
- **Meastóireacht deiridh (2028):** Tionchar a thomhas faoi réir ag sonraí bonnlíne, PTFanna, agus taithí saoil.
- Athruithe cultúrtha agus institiúideacha a mheas arna gcothú ag idirghabhálacha frith-chiníochais, lena n-áirítear athruithe ar fheasacht, meonta agus iompraíochtaí.
- Machamh a dhéanamh ar cheachtanna foghlamtha, dea-chleachtais agus deiseanna le haghaidh tionscnamh amach anseo.

Inbhuanaitheacht

Dearadh PGCC 2026–2028 mar bhunús le **hathrú córasach laistigh den insititúid san fhadtearma**. Beidh torthaí meastóireachta **mar bhonn eolais don chéad timthriall pleanála eile in COC** agus leabófar frith-chiníochas i rialáil, polasaithe agus curaclaim. Agus idirghabhálacha á neartú aige atá bunaithe ar fhianaise, tá se mar aidhm ag COC go mbeidh comhionannas ciníocha mar ghné bhuan agus lárnach de chultúr na hinstitiúide.




Aguisín 1:

Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochá COC 2026 – 2028

Piléar	Gníomh	Dul chun Cinn a Thomhas	Amscála	Úinéir an Ghímh	Pointe Tagartha
1. Bunús 	1.1 Tacaíonn Ceannairí COC le Prionsabail Comhionannais Ciníochá an ÚAO	Prionsabail Comhionannais Ciníochá sínithe agus glactha ag Uachtarán COC	Eanáir 2026	Uachtarán	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochá an ÚAO, Cuspóir Forbartha Inbhuanaithe (SDG 10)
	1.2 Ráiteas Frith-Chiníochais COC a dhréachtú agus a chur chun cinn	Ráiteas Frith-Chiníochas curtha le chéile ag MPGCC/ Aonad CÉI agus faofa ag an Uachtarán/ÚLT	Aib 2023 – Eanáir 2026	Stiúrthóir CÉI, baill Mheitheal an GCC	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochá an ÚAO, SDG 10
	1.3 Oifigeach Comhionannais Ciníochá a Cheapadh	Oifigeach CC ceaptha mar thaca le baill foirne agus mic léinn ó mhionlaigh eitneacha	Eanáir 2026	Stiúrthóir CÉI, MGCC, DPR, Daoine agus Cultúr	Tagarmharcáil Gaillimh, Mâ Nuad, TCD poist CC
	1.4 Sonraí eitneacha na foirne agus na mac léinn a bhailiú	Scáileán Éagsúlachta DSS curtha i bhfeidhm, feachtas féin-nochta rathúil, stocaireacht a dhéanamh ar an CSO chun critéir éagsúlachta a fhairsingiú, mic léinn na chéad ghlúine a aithint	Márta 2026 – Noll 2028	Anailísí Sonraí CÉI, Anailísí Sonraí Daoine agus Cultúir, Stiúrthóir CÉI, Taifid na Mac Léinn	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochá an ÚAO, SDG 10
	1.5 Buiséad ar leith a dháileadh ar fheidhmiú PGCC	Dáileadh buiséid, Oifigeach Tacaíochta Comhionannais Ciníochá croí-mhaoinithe	D Fómh 2025 go bliantúil – M Fómh 2026	An Príomhoifigeach Airgeadais, Stiúrthóir CÉI, an Leas-Uachtarán agus an Clárathóir	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochá an ÚAO
	1.6 a) Próifíl cheannaireachta a éagsúlú b) Comhionannas Ciníochá a bheith mar chuid den chéad Phlean Straitéiseach eile	Measúnú bonnlíne ar cheannaireacht, PGCC a chur i bPlean Straitéiseach 2029-2034	Noll 2028. Eanáir 2027, Noll 2027	Uachtarán, Cinn na gColáistí, Stiúrthóir CÉI	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochá an ÚAO
2. Cultúr 	2.1 Comhionannas ciníochá a chomhtháthú agus a cheiliúradh mar chuid den fhéilire lárnach imeachtaí in COC	Imeachtaí coimhionannais ciníochá ar leith le linn Seachtain Dhomhanda, Imeacht sa Chomóradh 180 Bliain ina gceiliúrtar ilchultúrachas	M Fómh agus Feabh gach bliain, Feabh 2026	An Leas-Uachtarán Domhanda/an Oifig Idirnáisiúnta an Oifig Forbartha	Plean COC um Chaidreamh Domhanda
	2.2 Spás Cultúrtha Sábháilte a bhunú ar an gcampas do bhaill foirne agus mic léinn	Spás cultúrtha sábháilte / piarthacaíocht ráithiúil, oiliúint spáis shábháilte	M Fómh 2026 ar aghaidh	Stiúrthóir CÉI, Stiúrthóir Eispéireas na Mac Léinn, CPCO, an Leas-Uachtarán Domhanda	An Plean um Chaidreamh Domhanda, Creat CÉI
	2.3 Mol Tuairiscithe agus Tacaíochta a Bhunú	Liosta acmhainní ar leith, comharthaíocht, profáil polasaithe, Oifigeach Comhionannais Ciníochá a cheapadh	M Fómh 2026 ar aghaidh	Daoine agus Cultúr, CPCO, Aonad CÉI	Creat CÉI – gníomh atá ann cheana féin
	2.4 Aitheantas agus tacaíocht do chomhionannas ciníochá a chothú	Gradam an tSeaimpín Comhionannais Ciníochá a bhunú	Márta 2026, M Fómh 2026	Aonad CÉI, an Leas-Uachtarán Domhanda	Bord na ngradam



Piléar	Gníomh	Dul chun Cinn a Thomhas	Amscála	Úinéir an Ghímh	Pointe Tagartha
3. Rathúlacht 	3.1 Ábhair chomhionannais ciníocha a chur le hiondochtú agus le hardú céime	Ráiteas Frith-Chiníochais leabaithe sa Leathanach Baile, cumarsáid dhigiteach, réamheolairí, eolas d'iarrthóirí, curtha san áireamh in ábhair ionductaithe na foirne	Láithreach bonn (2026)	CÉI, Daoine agus Cultúr, an Stiúrthóir Earcaíochta agus Iontrála, an Leas-Uachtarán Domhanda, an Oifig Idirnáisiúnta	Creat CéI
	3.2 Feabhas a chur ar thacaíochtaí oiriúnaithe do bhaill foirne ó mhionlaigh eitneacha	Pacáiste eolais athbhreithnithe forbartha agus tugtha do bhaill foirne idirnáisiúnta	M Fómh 2026 ar aghaidh	DPR, CéI, Daoine agus Cultúr, Cinn na gColaistí, an Leas-Uachtarán Domhanda	An Plean um Chaidreamh Domhanda/Creat CéI
	3.3 Feabhas a chur ar scéim meantóireachta/ardaithe céime do mhic léinn idirnáisiúnta, dóibh siúd ó mhionlaigh eitneacha, iad atá ina dteifigh nó mic léinn na chéad ghlúine	Cur le scéim aismheantóireachta le mic léinn idirnáisiúnta, mic léinn ó mhionlaigh eitneacha, mic léinn ina dteifigh nó mic léinn na chéad ghlúine a chur san áireamh	2026-2028	DPR, HSL, SU, ACCESS, Alumni/Forbairt, Eispéireas na Mac Léinn, an Leas-Uachtarán Domhanda, IO, ENGAGE, an Lárionad Teanga	Dul i mbun aismheantóireachta
4. Fás 	4.1 Grúpa Léitheoireachta Comhionannais Ciníocha a Bhunú	Glacann 100 mac léinn/ball foirne páirt i gclár léitheoireachta comónta, comórtais aistí, caidreamh le húdair	D Fómh 2025 – D Fómh 2027	Stiúrthóir Leabharlann COC	Sampla dea-chleachtas RCSI
	4.2 Oiliúint i gcomhionannas ciníocha a fhorbairt agus a sholáthar do bhaill foirne agus mic léinn	Cúrsa Ar líne Ciníocha san Áit Oibre a Thuiscint arna fhorbairt agus arna sheoladh, é riachtanach do ghrúpaí áirithe – (boird agallaimh agus ardaithé céime), tuairisciú blaintúil trí EDI ULT SC	D Fómh 2025– Márta 2026, Eanáir 2026 ar aghaidh, Meith go bliantúil	Stiúrthóir CéI, GCC Daoine agus Cultúr	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha an ÚAO, SDG 10
	4.3 Feabhas a chur ar chur chuige COC maidir le scéim phiolótach curaclaim díchoilínithe.	Réimse aitheanta chun an scéim phiolótach a reáchtáil agus meitheal curtha ar bun le baill foirne, mic léinn, páirtithe seachtracha; scéim phiolótach; sraith straitéisí féin-mheasúnaithe Gníomhartha/foghlaim ón Oideolaíocht Chriticiúil/grúpa léitheoireachta Díchoilínithe an Churaclaim a roinnfear le gach ball foirne ag an gComhdháil um Chomhionannas Ciníocha	D Fómh 2026 ar aghaidh	DPR, GCC, Suíomh phiolótach CIRT, Aonad CéI, Praxis, Comhlacht na Foirne Taighde	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníocha an ÚAO



Piléar	Gníomh	Dul chun Cinn a Thomhas	Amscála	Úinéir an Ghímh	Pointe Tagartha
5. Caidreamh 	5.1 Caidreamh a threisiú le heagraíochtaí seachtracha sa phobal a phléann le Comhionannas Ciníochas agus le Cumainn Shibhialta	Caidreamh le heagraíochtaí sibhialta, Meabhrán Tuisceana caidrimh forbartha a bhfuil tacaíocht na bpáirtithe uile aige	Ean 2026 ar aghaidh	An Oifig um Chaidreamh leis an bPobal, Stiúrthóir CÉI, OCLA	Aiseolas comhairliúcháin
	5.2 Feabhas a chur ar chumarsáid agus feasacht idirchultúrtha a bhaineann le comhionannas ciníochas/frith-chiníochas	Treoirlínte na foirne/ráiteas ar chomhionannas ciníochas curtha chun cinn; aird a tharraingt ar imeacht ar an gComhionannas Ciníochas i bhféilire an CÉI; treoir do bhia in COC cruthaithe/cothaithe; seisiúin ó Eispéireas na Mac Léinn Chéad Bhliana; sraith straitéisí/seicliosta forbartha/comharthaíocht ilteangach don fheachtas Fáilte cruthaithe/curtha i bhfeidhm	Ean 2026 – Noll 2028, Meith–M Fómh go bliantúil, 2026–2028	An Leas-Uachtarán Domhanda, Stiúrthóir CÉI, Stiúrthóir na bhFoirgneamh agus na nEastát, an Oifig Idirnáisiúnta, Lónadóireacht/Soláthar. Stiúrthóir Eispéireas na Mac Léinn	An Plean um Chaidreamh Domhanda, Creat CÉI, SDG 10
	5.3 Feachtas bliantúil frith-chiníochais a fhorbairt agus a sheoladh	Ábhair frith-chiníochais cuimsithe i bplean Cumarsáide inmheánach COC, feachtais ar líne agus campais forbartha/seolta	D Fómh agus Feabh go bliantúil 2025–2028	An Leas-Uachtarán Domhanda (Margaíocht agus Cumarsáid), CÉI, An tAcadamh, GCC	Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochas an ÚAO

Aguisín 2: Tagairtí/Creata

- [HEA Prionsabail Frith-Chiníochais an ÚAO d'Institiúidí Ardoideachais \(2022\)](#)
- [Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochas an ÚAO \(2023\)](#)
- [Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne an Chiníochais \(Éire, 2023\)](#)
- [Advance HE Race Equality Charter \(UK, 2023\)](#)
- [Plean Straitéiseach COC:Go Buan Feasta \(2023- 2023\)](#)
- [Ag Baile in COC: Creat sraitéisech Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe \(2025-2028\)](#)
- [Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochas \(2023–2028\) Cholaiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath](#)
- [Tuarascáil Athbhreithnithe an Cholaiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar Chomhionannas Ciníochas agus Eitneachta \(2022\)](#)
- [Creat agus Plean Gníomhaíochta Ollscoil na Gaillimhe um Chomhionannas Ciníochas \(2023–2027\)](#)
- [Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochas \(2024–2027\) Ollscoil Luimnigh](#)
- [Plean Gníomhaíochta Comhionannais Ciníochas \(2025–2029\)\(RCSI\) \(Uasdátaithe\)](#)
- [Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath: ‘Domhan Níos Fearr a Thógáil le Chéile’ Plean Athraithe an Chomhionannais Ciníochas, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath \(2021–2026\)](#)
- [University of Leicester, Equity, Diversity and Inclusion Strategy \(2023–2028\) \(integrated Race Equality Action Plan\)](#)
- [University of Nottingham, The Race Equality Charter Action Plan](#)
- [University of Surrey, Race Equality Action Plan \(2022–2027\)](#)
- [University of Stirling, Anti-Racism and Race Equality Strategy \(2022–25\)](#)



Chomh maith leis sin, rinneadh tagarmharcáil leis na hinstiúidí seo a leanas, a bhfuil dul chun cinn éigin déanta acu faoi thionscnaimh/thiomantais eagsúla maidir le neamhionannas ciníochas agus frith-chiníochas, iad ar fad le meithleacha/gréasáin, ach gan plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)
- Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB)
- [Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan \(MTU\)](#)
- Ollscoil Reading

Aguisín 3: Sainmhínithe / Gluais

Glacann COC na sainmhínithe seo ó **Phrionsabail Frith-Chiníochais an ÚAO d'Institiúidí Ardoideachais (2022)** maille le **Cairt um Chomhionannas Ciníochas san Ardoideachas a chur chun Cinn**, ag soiléiriú na príomhthéarmaí a úsáideadh sa Phlean Gníomhaíochta seo. Léiríonn na sainmhínithe gnéithe sóisialta, institiúideacha agus struchtúrtha na gciníochas agus an chiníochais san ardoideachais, rud a chinntíonn go mbeidh tuisint chomónta ag bail foirne, mic léinn agus pláirtithe leasmhara.

- **Cine:** Catagóir atá tógtha go sóisialta chun daoine a aicmiú bunaithe ar thréithe fisiciúla, sinsearach, nó oidhreacht bhraite. Ní fíric bhitheolaíochta cine ach réaltacht shóisialta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rochtain ar dheiseanna agus eispéiris sa tsochaí agus san oideachas.
- **Eitneacht:** Tagraíonn do chleachtais chultúrtha chomónta, nó do mheonta agus éagsúlachtaí a fhágann go bhfuil difríochtaí idir ghrúpaí. Áirítear in eitneacht teanga, creideamh, sinsearach agus traidisiúin agus is féidir leo seo a bheith bainteach le féiniúlacht chiníoch mar thaithí ar ionchuimsiú nó leithcheal.
- **Ciníochas:** Córas leatroidim a struchtúraíonn deis agus a shannann luach bunaithe ar chine. Is féidir ciníochas a fheiceáil i mórchuid slite:
 - **Ciníochas Struchtúrtha / Institiúideach:** Polasaithe, cleachtais agus gnáthaimh chultúrtha a chruthaíonn nó a chuireann le neamhionannas ciníochas laistigh d'eagraíochtaí nó sa tsochaí.
 - **Ciníochas Idirphearsanta:** Claontacht, lé, nó iompar leithcheala a dhíríonn daoine aonair ar dhaoine eile bunaithe ar chine.
- **Ciníochas Cultúrtha:** Meon cultúrtha domhanda amháin sa mhullach ar chinn eile. Is minic a threisiúitear steiréitíopaí agus a imeallaítear grúpaí a fhulaingíonn ciníochas.
- **Mionlaigh a fhulaingíonn Ciníochas:** Grúpaí a mbíonn taithí acu ar mhíbhuntáistí córasacha nó imeallú de bharr go bhfuil siad catagóirithe mar “eile” bunaithe ar chine nó eitneacht. Cuimsítear sa téarma daoine ó chúlaí Afracacha, Áiseacha, Meánoirthearacha nó cúlraí nach cúlraí geala iad, chomh maith leis an Lucht Taistil agus pobail eitneacha mhionlaigh eile in Éirinn.
- **Leithcheal:** Ag caitheamh le daoine go míchothrom nó go claonta de bharr cine, eitneachta, nó tréithe cosanta eile a chruthaíonn míbhuntáiste nó eisiámh.
- **Cothromas vs. Comhionannas:**
 - **Comhionannas:** Na hacmhainní agus na deiseanna céanna a thabhairt do chách beag beann ar chúisí.
 - **Cothromas:** Ag glacadh leis go mbeadh riachtanais tacaíochta nó idirghabhála ar leith ag daoine aonair nó grúpaí éagsúla chun torthaí cothroma a bhaint amach. Leagtar béim i gcuir chuige COC ar mhíbhuntáiste stairiúil agus córasach.



- **Trasnachas:** Creat chun tuiscint a fháil ar an iliomad féiniúlachtaí (m.sh. Cine, inscne, míchumas, aicme, creideamh) agus an tslí ina bhfeidhmíonn siad seo lena chéile chun slí leithcheala agus pribhléide a chruthú. Ní mór trasnachas a aithint i bpolasaithe agus gníomhartha chun dul i ngleic go héifeachtach le neamhionannas ag teacht salach ar neamhionannas eile.
- **Cleachtas Ionchuimsitheach:** Gníomhartha, polasaithe agus iompraíochtaí a chruthaíonn go gníomhach timpeallachtaí ina bhfuil gach duine, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí a fhulaingíonn ciníochas nó grúpaí imeallaithe ag fáil measa, fiúntais agus iad ábalta ar bheith lánpháirteach.
- **Miocrachasáin:** Ráitis nó iompraíochtaí caolchúiseacha, nach mbíonn beartaithe go minic, a léiríonn claontacht, steiréitíopa nó naimhdeacht i gcoinne grúpaí a fhulaingíonn ciníochas.
- **Díchoilíniú (Curaclam / Oideolaíocht):** An próiseas chun scrúdú criticiúil a dhéanamh ar ábhar oideachas agus é sin a athchóiriú, lena n-áirítear modhanna teagaisc agus cleachtais [taighde, chun claontachtaí a bhaint a thugann tús áite do mheonta latharacha, coilíneacha nó cultúrtha atá sa treis, rud a chinntíonn go glcoistear agus go bhfáiltítear roimh dhearccháí éagsúla.
- **Frith-Chiníochas:** Iarrachtaí réamhghníomhacha chun ciníochas a aithint, chun dul i ngleic leis agus chun deireadh a chur leis i ngach slí, lena n-áirítear gnéithe struchtúrtha, cultúrtha agus idirphhearsanta. Tá níos mó i gceist le frith-chiníochas ná neodracht nó frith-idirdhealú, agus tá ga le gníomh d'aon ghnó chun cóir agus comhionannas ciníocha a chothú.

Aguisín 4: Prionsabail Frith-Chiníochais d'Institiúidí Ardoideachais

Agus síniú tugtha aige do Phrionsabail Frith-Chiníochais d'Institiúidí Ardoideachais, tá COC tiomanta do na nithe seo a leanas:

1. Leabóimid tiomantas do chomhionannas ciníocha mar chuid dár gcultúr institiúideach agus dár dtosaíochtaí straitéiseacha.
2. Leagfaimid béim ar ghnéithe struchtúrtha, institiúideacha agus stairiúla an chiníochais atá mar bhonn eolais le sean-chleachtais agus leis an gcleachtas reatha in institiúidí ardoideachais agus sna sochaithe ina bhfuil siad.
3. Cuirfimid oideachas ar na baill foirne agus na mic léinn seo againne maidir le gnéithe struchtúrtha, institiúideacha agus stairiúla an chiníochais, chomh maith leis an gciníochas aonair a aithnítear go minic i ngníomhartha leithcheala agus mí-úsáide.
4. Spreagfaimid plé oscailte chun Comhionannas Ciníocha a chur chun cinn.
5. Glacfaimid le cur chuige trasnach agus idirchultúrtha nuair a fhorbrófar gníomhartha agus beartais frith-chiníochais.
6. Rachaimid i ngleic le ceisteanna maidir le comhionannas ciníocha i bpleananna straitéiseacha ár n-institiúidí.
7. Déanfaimid sonraí na mac léinn agus na foirne a thaifeadadh agus iad briste síos de réir eitneachta mar bhonn eolais lenár bpolasaithe agus gníomhartha agus chun monatóireacht a dhéanamh ar choinneáil agus torthaí gairme do mhic léinn agus do bhaill foirne ó ghrúpaí eitneacha mionlaigh lena n-áirítear an Lucht Taistil.
8. Leanfaimid le próiseas earcaithe cothrom agus trédhearcach don fhoireann go léir, beag beann ar eitneacht.
9. Rachaimid i ngleic le ceisteanna comhionannais ciníocha i dtaca le dul chun cinn agus coinneáil na mac léinn agus na mball foirne ó ghrúpa eitneacha mionlaigh, an Lucht Taistil san áireamh.





An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú,
An Lóiste Theas,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Corcaigh, Éire
ediunit@ucc.ie

ucc.ie/en/edi



UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland